

## **Costas Caiteachas Cánach (Creidmheasanna, Liúntais agus Faoisimh) – Nótaí**

Léirítear ar na táblaí gaolmhara “Creidmheasanna, Liúntais agus Faoisimh” an costas measta i dtéarmaí ioncaim géillte.

Tá na figiúirí uile bunaithe ar an gcáin dhlite i dtaca le measúnuithe do gach bliain, agus níl siad bunaithe ar na fáltais chánach taobh istigh den bhliain sin. Is de réir tagairt do na tréimhsí cuntasáochta a chríochnaigh sa bhliain léirithe atá na costais atá san áireamh le haghaidh Cáin Chorporáide.

Léirítear uimhreacha na n-éilitheoirí do gach creidmheas nó faoiseamh sa mhéid go bhfuil siad le fáil. Is iad na huimhreacha a áirítear ná cáinócóirí a bheadh tionchar suntasach ag creidmheas, liúntas nó faoiseamh a tharraingt siar orthu.

Táthar ag déileáil le gach creidmheas cánach nó liúntas ar leithligh agus ar an mbun nár athraíodh an chuid eile den chóras cánach. Dá bhrí sin, bheadh sé míchruinn tionchar na creidmheasanna, faoisimh agus liúntais uile a tarraingíodh siar a ríomh tríd na figiúirí a iomlánú.

Níl sna meastacháin a léirítear i roinnt cásanna ach meastacháin shealadacha agus féadfaidh sé go mbeidh siad faoi réir athbhreithnithe i bhfianaise eolas a fhaightear ag tráth níos déanaí.

### **Eochair**

Sonraíonn “<10” go bhfuil níos lú ná 10 gcáinócóir (ach níos mó ná náid) ag baint leas as creidmheas, liúntas nó faoiseamh áirithe sa bhliain sin; ní cuirtear an uimhir chruinn ar fáil mar gheall ar dhualgas na gCoimisinéirí Ioncaim rúndacht an cháinócóra agus prótacail nochtá staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim a chosaint.

Sonraíonn “0” nach bhfuil aon cháinócóirí (nialas) ag baint leasa as an gcreidmheas, liúntas nó faoiseamh áirithe sa bhliain sin;

Sonraíonn “\*” go bhfuil na figiúirí sealadach den chuid is mó agus tá siad faoi réir lamháil earráide.

Sonraíonn “N/A” nach bhfuil sonraí ar fáil don bhliain áirithe sin.

Tugann “A” le fios go bhfuil faisnéis maidir le mír áirithe cónasctha anois le mír ghaolmhar don bhliain áirithe sin.

Sonraíonn “C” gur scoireadh an creidmheas, liúntas nó faoiseamh áirithe.

Sonraíonn “N” gur beart nua é an creidmheas, liúntas nó faoiseamh áirithe agus nár thosaigh sé sa bhliain atá i gceist.

Sonraíonn “blank” nach bhfuil an fhaisnéis don bhliain áirithe sin ar fáil go fóill.

## Nótaí

- (1) Áirítear sa chostas seo an ráta díolmhaithe d'aois chaighdeánach agus an díolúine mhéadaithe cheadaithe.
- (2) Déanann uimhreacha na n-éilitheoirí tagairt do líon na sealbhóirí polasaí, seachas líon na n-aonad cánach. Áirítear sna bhfigiúirí sealbhóirí polasaí ina raibh suibscríbhinní fostaithe maoinithe ag fostóirí.
- (3) Tá meastacháin ar an gcostas do sholáthar pinsean príobháideach bunaithe ar na sonraí comhiomlána atá ar fáil i dtaca le ranníocaíochtaí le scéimeanna pinsin ó fhostóirí agus fostaithe.
- (4) Déantar an costas seo a ríomh ar ioncam a n-áirítear leis ioncam ó dhíbhinní a n-aisíoctar Cáin Ioncaim ina leith a asbhaineadh ag an bhfoinse, chomh maith le hioncam eile infheistíochta, íocaíochtaí cúnaint agus tabhartais ó lucht corparáide, lucht féinfhostaithe agus na hearnálacha ÍMAT le comhlachtaí ceadaithe.
- (5) Léiríonn líon na ndíolúintí iomlán na n-éileamh a fuair an An Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) agus Coimirce Sóisialaí in aon bhliain amháin.
- (6) Is éard atá sa chostas cánach a léirítear i gcás faoisimh de chineál Alt 23 ná an costas cánach deiridh measta a bhaineann leis an gcaiteachas ceadaithe iomlán i ndáil leis na héilimh a rinneadh den chéad uair sna blianta a léirítear. Ní léirítear an costas ach do chásanna Cánach Ioncaim amháin.
- (7) Is tagairt é an briseadh síos de réir bliana don bhliain a rinne úinéirí tí oibreacha cáilitheacha faoin scéim, agus luach na gcreidmheasanna cánach incháilithe atá le héileamh de thoradh air seo. Réadófar an costas don Státchiste sna blianta ina dhiaidh de réir mar a éilíonn úinéirí tí na creidmheasanna cánach.
- (8) (9) Tá na faoisimh seo i bhfeidhm mar aitheantas don ghá go mbeadh eintitis chorparáideacha in ann a gcuid gnó a atheagrú, a athstruchtúrú agus a chónascadh mar chuid dá bhforbairt leanúnach gan muirir teicniúla Dleachta Stampa a thabhtú. Gné choitianta de chórais cánach i dtíortha forbartha iad faoisimh dá leithéid sin.
- (10) Tá Sochar Máithreachais iníoctha ag an An Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) ón 1 Iúil 2013 faoi dhliteanas cánach.
- (11) Baineann an costas a léirítear leis an nGrúpfhaoiseamh fritháirithe in aghaidh ioncam trádála.
- (12) Ó 2009 léirítear Costais Sláinte ar leithligh mar Chostais Tithe Altranais agus Costais Sláinte eile.
- (13) Is é seo uaschostas na díolúine.
- (14) Na huimhreacha iomlán na n-éilitheoirí le haghaidh Costais Tithe Altranais agus Costais Sláinte "Eile" araon.
- (15) Ceadáítear faoiseamh tosaigh ar thríocha daichead (30/40) den infheistíocht DFI sa bhliain a rinneadh an infheistíocht. Beidh faoiseamh i leith deich ndaichead bhreise (10/40) den infheistíocht DFI ar fáil sa cheathrú bliain tar éis an infheistíocht DFI a dhéanamh. San áireamh sna costais tá an dara sciar más ann dóibh. Is éard atá sna figiúirí taifeadta i ndáil le 2012 ná na figiúirí le haghaidh 2011 agus 2012 araon in éineacht.
- (16) Tá na suimeanna díolmhaithe ó CMÁ bunaithe ar éilimh a rinneadh i dtuairisceáin agus a bheidh faoi réir seiceálacha áirithe fíorúcháin. Ina theannta sin, níl éifeacht iomlán na ndíolúintí léirithe sna staitisticí toisc, sa chás gur éilíodh díolúine, ní iarrtar ar úinéir na maoiné i gcónaí a mhaoin a luacháil.
- (17) In ainneoin go bhfuil Iarchurthaí CMÁ géillte i mbliain áirithe, táthar fós dlite don Státchiste ar dháta ina dhiaidh sin.
- (18) Níl an costas cánach ar fáil ós rud é gurb é an t-aon eolas i leith an fhaoisimh seo atá ar fáil ná an chomhain diúscartha seachas an gnóthachan incháinithe géillte.
- (19) Áirítear sa chostas cánach costas an fhaoisimh Cánach Ioncaim, MSU agus ÁSPC, ní áirítear ann cuntas ar CGC iníoctha ar dhíol na scaireanna.
- (20) Tá 'Tabhartais do Chomhlachtaí Ceadaithe Spóirt (Sceideal D agus tíolaiceoirí Cháin Chorparáideach)' ar bhonn aonad cáiníocóra, agus tá an mhír 'Tabhartais do Chomhlachtaí Ceadaithe Spóirt (ÍMAT)' ar bhonn an duine aonair.
- (21) Ó 2020 ar aghaidh, ní áirítear Costais Cianoibre mar chuid de 'Chostais incheadaithe'. Tá costais cianoibre ar fáil ar leithligh ón dáta sin.